AN COIMISIÚN EORPACH
ARDRÚNAÍOCHT

Stiúrthóireacht A – Straitéis, Rialáil Níos Fearr & An Rialachas Corparáideach
**SG.A.1 - Tosaíochtaí Beartais & Clár Oibre**

# DO SHONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

**Sa ráiteas príobháideachais seo tugtar faisnéis faoin gcaoi a ndéantar do shonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint.**

**An oibríocht próiseála:** Comórtas físeán scoile 'ImagineEU' ('an comórtas')

**Rialaitheoir Sonraí:** An Coimisiún Eorpach, Ardrúnaíocht, Aonad SG.A.1 'Tosaíochtaí Beartais agus Clár Oibre'

**Tagairt taifid:** DPR-EC-09286

**Clár Ábhar**


1. **Réamhrá**
2. **Cén fáth a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta agus cén chaoi a ndéantar sin?**
3. **Cad é an foras dlíthiúil ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?**
4. **Cad iad na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid a thuilleadh?**
5. **Cá fhad a choinneoimid do shonraí pearsanta?**
6. **Cén dóigh a ndéanfaimid do shonraí pearsanta a chosaint agus a choimeád slán?**
7. **Cé aige a mbeidh rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtar iad?**
8. **Cé na cearta atá agat agus cén chaoi a bhfeidhmítear iad?**
9. **Sonraí teagmhála**
10. **Tuilleadh eolais**

## 1. Réamhrá

Tá an Coimisiún Eorpach tiomanta do do shonraí pearsanta a chosaint agus do phríobháideachas a urramú. Déanann an Coimisiún sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil a thuilleadh de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

Tugtar sa Ráiteas Príobháideachais seo an fáth a bpróiseáltar do shonraí pearsanta i gcomhthéacs chomórtas físeán scoile 'Imagine EU' atá á eagrú ag Aonad A.1 d'Ardrúnaíocht an Choimisiúin Eorpaigh i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí for-rochtana an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh.

Mínítear ann an dóigh a ndéanaimid na sonraí pearsanta ar fad a thugtar dúinn a bhailiú, a láimhseáil agus a chosaint, an chaoi a n-úsáidtear iad, agus na cearta atá agat maidir le do shonraí pearsanta. Tugtar ann freisin sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí atá freagrach agus lenar féidir leat do chearta a fheidhmiú, sonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí agus sonraí teagmhála an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

## 2. Cén fáth a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta agus cén chaoi a ndéantar sin?

Déanann an Coimisiún Eorpach gníomhaíochtaí cumarsáide agus for-rochtana i ndáil leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2019/788 (Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh (ECI)). Is é is cuspóir dó 'feasacht a ardú i measc an phobail gurb ann don tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, agus faoi na cuspóirí a ghabhann leis agus a fheidhmiú (...), agus ar an gcaoi sin, déanfaidh sé rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach i saol polaitiúil an Aontais a chur chun cinn.'

Tá an comórtas físeán scoile seo ar cheann de na gníomhaíochtaí cumarsáide agus for-rochtana sin. Chun críocha an chomórtais, déanann Aonad SG.A.1 do shonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil a thuilleadh chun eolas a chur ar fáil duit faoin gcomórtas (roimhe, lena linn agus ina dhiaidh) agus ar mhaithe le d'iarratas chun páirt a ghlacadh sa chomórtas a phróiseáil. Bainfear úsáid as na sonraí a bhaileofar chun an comórtas a chur i bhfeidhm. Chun críocha an chomórtais seo, déanfar foirm chlárúcháin a fhorbairt ar an suíomh gréasáin https://europa.eu/citizens-initiative. Bailíonn an Rialaitheoir Sonraí sonraí pearsanta tríd an suíomh gréasáin agus trí fhoirmeacha údarúcháin scanta (a chuirtear isteach tríd an suíomh gréasáin).

Chun críocha an réamhroghnúcháin, déanfar liosta leis na físeáin a cuireadh isteach agus na sonraí a cuireadh ar fáil a asbhaint ón suíomh gréasáin agus a shábháil go sealadach ar leathanach gréasáin speisialta a stóráiltear ar fhreastalaithe an Choimisiúin Eorpaigh.

Déanfar do shonraí a bhailiú de láimh, tríd an gconraitheoir (Netcompany – Intrasoft S.A., 2b, rue Nicolas Bové, L-1253 Luxembourg, G.D. Lucsamburg, ríomhphost: ECI_team@eutaketheinitiative.eu).

Déanfaidh an conraitheoir meastóireacht ar gach físeán chun a áirithiú go bhfuil gach iarratas ceart agus go bhfuil an físeán incháilithe lena fhoilsiú.

Déanfaidh giúiré an chomórtais meastóireacht ar na deich bhfíseán a fhaigheann an líon is mó vótaí ón bpobal. Is iad seo a leanas a bheidh ar an ngiúiré: 2 oifigeach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh; 1

ionadaí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus 2 ionadaí ó líonra cumarsáideoirí an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh (Ambasadóirí an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh nó pointí teagmhála náisiúnta).

Foilseofar físeáin na mbuaiteoirí a chuirfear in eagar chun críocha an chomórtais ar chuntais oifigiúla meán sóisialta an Choimisiúin, mar shampla Facebook, YouTube, Instagram, LinkedIn agus Twitter, suíomh gréasáin Europa agus leabharlann chlosamhairc an Choimisiúin.

Chun críoch tuilleadh cumarsáide agus fógraíochta a dhéanamh, féadfar físeáin agus grianghraif de na buaiteoirí a roinnt le hiriseoirí roghnaithe, gníomhaireachtaí náisiúnta agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais agus féadfaidh siad iad a úsáid nó féadfar iad a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí fógraíochta amhail taispeántais nó foilseacháin (e.g. ailt, postálacha blag).

Ní úsáidfear na sonraí pearsanta le haghaidh cinnteoireacht uathoibrithe, próifíliú chun críoch margaíochta san áireamh.

## 3. Cad é an foras dlíthiúil ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?

Déantar an comórtas físeán a eagrú mar ghníomhaíocht lena gcuirtear Airteagal 18(1) den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh chun feidhme lena gceanglaítear ar an gCoimisiún 'feasacht a ardú i measc an phobail gurb ann don tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, agus faoi na cuspóirí a ghabhann leis agus a fheidhmiú (...), agus ar an gcaoi sin, déanfaidh sé rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach i saol polaitiúil an Aontais a chur chun cinn.'

I gcás na n-oibríochtaí próiseála ar shonraí pearsanta, atá nasctha le heagrú, bainistiú, obair leantach agus fógraíocht an chomórtais (grianghraif, físeán a chuirtear isteach don chomórtas, agus taifeadtaí closamhairc a dhéantar le linn an tsearmanais bronnta sa Bhruiséil san áireamh),tá toiliú sonrach na n-ábhar sonraí lena mbaineann ag teastáil ina leith i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(d) de Rialachán (AE) 2018/1725 (tá a thoiliú tugtha ag an ábhar sonraí a shonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch sonrach amháin nó níos mó).

I gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 i dtaca leis na coinníollacha is infheidhme maidir le toiliú linbh i ndáil le seirbhísí na sochaí faisnéise a thairiscint go díreach do leanbh, 'beidh próiseáil sonraí pearsanta linbh dleathach má tá an leanbh os cionn 13 bliana d'aois.' Níl an comórtas físeán oscailte do leanaí atá níos óige ná 13 bliana d'aois.

Ní mór do na rannpháirtithe agus a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí dlíthiúla an Fhoirm Údaraithe a shíniú, foirm atá ag teastáil chun na gcríoch seo a leanas:

1. Rannpháirtíocht sa chomórtas (clárú, bainistiú an chomórtais, réamhroghnúchán, na físeáin is fearr a roinnt leis an gconraitheoir seachtrach chun na físeáin a thaispeáint i ndiaidh an duais a bhronnadh).
2. Na rannpháirtithe a scannánú agus/nó grianghraif a thógáil díobh chun críocha an chomórtais, mar shampla iad a bheith le feiceáil sna físeáin.
3. An comórtas agus na cúig fhíseán is fearr a chur chun cinn trí chainéil an Choimisiúin (mar shampla: an suíomh gréasáin Europa, cuntais YouTube, Facebook, LinkedIn, Twitter agus Instagram an Choimisiúin).
4. An comórtas agus na cúig fhíseán is fearr a chur chun cinn trí chainéil sheachtracha (mar shampla: iriseoirí roghnaithe, gníomhaireachtaí náisiúnta agus comhlachtaí eile de chuid

an Aontais nó le haghaidh gníomhaíochtaí fógraíochta amhail taispeántais nó foilseacháin).

Nuair a shíníonn rannpháirtithe agus a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí dlíthiúla an Fhoirm Údaraithe, tugann siad a dtoiliú faoi Airteagal 5(1)(d) de Rialachán (AE) 2018/1725 a sonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch sonrach sin agus go mbeidh na daltaí scoile le feiceáil sna físeáin.

Is féidir an toiliú a tharraingt siar tráth ar bith ach teagmháil a dhéanamh leis an Rialaitheoir Sonraí ag SG-ECI-INFO@ec.europa.eu.

## 4. Cad iad na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid a thuilleadh?

Chun an oibríocht próiseála sin a dhéanamh, bailíonn an Rialaitheoir Sonraí na catagóirí sonraí pearsanta seo a leanas:

- *Céadainm agus sloinne an mhúinteora tionlacain;*
- *Sonraí teagmhála an mhúinteora/na scoile (seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin, ainm na scoile, tír);*
- *Céadainm agus sloinne gach dalta ar an bhfoireann;*
- *Dáta breithe gach dalta ar an bhfoireann;*
- *Seoladh cónaithe na ndaltaí;*
- *Sínithe na ndaltaí ar an bhFoirm Údaraithe;*
- *Céadainm agus sloinne na dtuismitheoirí nó na gcaomhnóirí dlíthiúla ar an bhFoirm Údaraithe;*
- *Ábhar closamhairc: físeán den ábhar sonraí nó aon ábhar eile ónar féidir an t-ábhar sonraí a aithint ó thaobh amhairc de (URL den fhíseán uaslódáilte ar ardán físeán (YouTube/Vimeo);*
- *Teanga an fhíseáin;*
- *Ábhar scríofa: tras-scríbhinní.*

Féadfar físeáin a rinneadh chun críocha an chomórtais chomh maith le grianghraif agus taifeadtaí closamhairc a rinneadh le linn an chomórtais agus an tsearmanais bronnta a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an chomórtais agus ar shuíomhanna gréasáin eile de chuid an Choimisiúin faoi réir thoiliú na rannpháirtithe agus a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí dlíthiúla ar an bhFoirm Údaraithe.

## 5. Cá fhad a choinneoimid do shonraí pearsanta?

Ní choinníonn an Rialaitheoir Sonraí do shonraí pearsanta ach amháin chomh fada is gá chun cuspóir a mbailithe a chomhlíonadh nó chun próiseáil bhreise a dhéanamh orthu.

Na sonraí pearsanta uile a bhaineann le heagrú agus bainistiú an chomórtais (san áireamh tá an t-eolas a thugtar le linn clárúcháin, roimh an gcomórtas agus bronnadh na duaise, lena linn nó ina dhiaidh), scriosfar iad aon bhliain amháin tar éis an ghnímh dheireanaigh i ndáil leis an gcomórtas.

Coinneofar na físeáin a léiríonn na rannpháirtithe i gcomhthéacs an chomórtais agus nach bhfuil san áireamh sa roghnúchán deiridh ar feadh bliain amháin ar a mhéad ó bailíodh iad.

Coinnítear ábhar fógraíochta, closamhairc agus oiliúna a foilsíodh, na físeáin rathúla san áireamh, ar feadh tréimhse éiginnte. Féadfar ábhar closamhairc áirithe a choinneáil ina ábhar foilsithe fós nó a chartlannú lena chaomhnú go buan, i gcomhréir le forálacha an Liosta Coinneála Choitinn ar Leibhéal an Choimisiúin (SEC(2022)400), chun críoch stairiúla i dtaca le stair agus oidhreacht chlosamhairc an Choimisiúin Eorpaigh agus an Aontais Eorpaigh a dhoiciméadú, a chaomhnú agus a chur ar fáil.

## 6. Cén dóigh a ndéanfaimid do shonraí pearsanta a chosaint agus a choimeád slán?

Déantar na sonraí pearsanta uile atá i bhformáid leictreonach (ríomhphoist, doiciméid, bunachair sonraí, baisceanna sonraí uaslódáilte etc.) a stóráil ar fhreastalaithe an Choimisiúin Eorpaigh. Déantar na hoibríochtaí próiseála go léir de bhun Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil córas cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach.

Tá conraitheoirí an Choimisiúin faoi cheangal ag clásal conarthach ar leith maidir le próiseáil ar bith a dhéantar ar shonraí pearsanta thar ceann an Choimisiúin, agus tá siad faoi cheangal ag oibleagáidí rúndachta a thagann as an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ('RGCS' – Rialachán (AE) Uimh. 2016/679*).*

Chun do shonraí pearsanta a chosaint, tá roinnt bearta teicniúla agus eagraíochtúla curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún. Ar na bearta teicniúla sin tá gníomhaíochtaí iomchuí chun dul i ngleic leis an tslándáil ar líne, leis an mbaol go gcaillfí sonraí, go ndéanfaí sonraí a athrú nó go dtabharfaí rochtain neamhúdaraithe orthu, i bhfianaise an riosca atá i gceist le próiseáil agus cineál na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil. Ar na bearta eagraíochtúla tá rochtain ar na sonraí pearsanta a theorannú do dhaoine údaraithe amháin a bhfuil gá dlisteanach acu leo chun críocha na hoibríochta próiseála seo.

## 7. Cé aige a bhfuil rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtar iad?

Tugtar rochtain ar do shonraí pearsanta d'fhostaithe an Choimisiúin atá freagrach as an oibríocht próiseála sin a eagrú agus a fheidhmiú agus do na baill foirne údaraithe eile de chuid an Choimisiúin de réir an phrionsabail 'ar bhonn riachtanas eolais' agus do bhaill foirne údaraithe na gconraitheoirí (Netcompany – Intrasoft S.A). Cloíonn na baill foirne sin le comhaontuithe reachtúla rúndachta agus, nuair is gá, le comhaontuithe breise rúndachta.

Gheobhaidh an conraitheoir agus na baill foirne de chuid an Choimisiúin na físeáin agus an Fhoirm Údaraithe le haghaidh taifeadtaí closamhairc. Roinnfear na físeáin a bhaileofar leis an ngiúiré.

Chun críoch cumarsáide agus fógraíochta, foilseofar físeáin na mbuaiteoirí ar shuíomh gréasáin an chomórtais, agus féadfar iad a roinnt le hiriseoirí roghnaithe, gníomhaireachtaí náisiúnta agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais agus féadfaidh siad iad a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí fógraíochta breise mar thaispeántais nó foilseacháin (e.g. ailt, postálacha blag).

Soláthraithe seirbhíse áirithe chun críoch eagrúcháin (mar chomhairleoirí cumarsáide), tá siad faoi cheangal ag conradh sonraí pearsanta a phróiseáil thar ceann an rialaitheora sonraí agus sin a

dhéanamh i gcomhréir leis na treoracha ón Rialaitheoir Sonraí, agus aon sonraí a phróiseálann siad a choimeád rúnda agus iad a chosaint ó rochtain, úsáid nó coinneáil neamhúdaraithe.

**Fianáin**

Is éard atá i bhfianáin comhaid ghearra téacs a stórálann suíomh gréasáin ar ghaireas an úsáideora (amhail ríomhaire, táibléad nó guthán). Úsáidtear fianáin le haghaidh feidhmíocht theicniúil suímh ghréasáin (fianáin fheidhmiúla) nó chun staitisticí a bhailiú (fianáin anailíseacha).

Déantar an clárú le haghaidh an chomórtais trí shuíomh gréasáin de chuid an Choimisiúin. Cumhdófar na fianáin a mbainfidh an Coimisiún úsáid astu ar ghaireas an chláraithe chun na críche sin le beartas fianáin an Choimisiúin, atá ar fáil anseo: https://european-union.europa.eu/cookies_ga. Níl sé iomlán riachtanach na fianáin sin a chumasú ionas go n-oibreoidh an suíomh gréasáin ach cuirfear taithí brabhsála níos fearr ar fáil dá bharr. Is féidir le hábhair sonraí na fianáin sin a scriosadh ach stair a mbrabhsálaí a scriosadh. Scriosfar gach fianán ó gach suíomh gréasáin ar thug na hábhair cuairt air óna mbrabhsálaí freisin. Tabhair do d'aire, áfach, go bhféadfaí roinnt sonraí stóráilte a chailleadh (e.g. sonraí logála isteach stóráilte, sainroghanna an tsuímh).

Chun fianáin a bhainistiú agus a dhíchumasú, is féidir le hábhair sonraí na treoracha ábhartha le haghaidh gach cineál brabhsálaí a leanúint:

- Microsoft Edge
- Internet Explorer
- Mozilla Firefox
- Google Chrome
- Safari
- Opera

Nuair a théann tú chuig suíomh gréasáin an chomórtais agus nuair a chláraíonn tú, coinneoimid an tuairisc ó do bhrabhsálaí ar feadh 13 mhí ar a mhéad. Scriosfar an fhaisnéis sin ina dhiaidh sin. Déantar sonraí a bhailiú, a chomhiomlánú agus a anaithnidiú i lárionad sonraí an Choimisiúin Eorpaigh faoi bhearta slándála leordhóthanacha.

Is é Europa Analytics a stórálann na fianáin, an tseirbhís chorparáideach a mheasann éifeachtacht agus éifeachtúlacht shuíomhanna gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ar EUROPA. Tá breis faisnéise le fáil ar: https://commission.europa.eu/europa-analytics_ga.

Níl sé riachtanach, i ndáiríre, na fianáin sin a chumasú ionas go n-oibreoidh an suíomh gréasáin ach beidh sé níos éasca ort an suíomh a bhrabhsáil má chumasaítear iad. Is féidir formhór na mbrabhsálaithe nua-aimseartha a shocrú chun cosc a chur ar aon fhianán ar do ghléas, ach ansin d'fhéadfadh sé go mbeadh ort roinnt sainroghanna a athrú de láimh gach uair a thugann tú cuairt ar shuíomh/leathanach agus b'fhéidir nach n-oibreoidh roinnt seirbhísí agus feidhmiúlachtaí i gceart (e.g. logáil isteach próifíle).

Ní bhaintear leas as an bhfaisnéis a bhaineann le fianáin chun ábhair sonraí a aithint go pearsanta agus tá na sonraí patrúin go hiomlán faoi rialú an Choimisiúin. Ní bhaintear aon úsáid eile as na fianáin sin seachas an úsáid a bhfuil cur síos déanta uirthi anseo.

Má roghnaíonn tú do shonraí pearsanta a bhaint dár staitisticí anaithnide comhiomlánaithe, is féidir leat sin a dhéanamh ar ár leathanach fianán. Go háirithe, is féidir leat fianáin a bhainistiú agus/nó a scriosadh de réir mar is mian leat.

**Uirlisí teicneolaíochta faisnéise tríú páirtí, lena n-áirítear na meáin shóisialta**

Úsáidimid uirlisí teicneolaíochta faisnéise tríú páirtí chun daoine a chur ar an eolas faoin gcomórtas agus chun é a chur chun cinn trí chainéil chumarsáide a úsáidtear go forleathan, lena n-áirítear na meáin shóisialta. Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le húsáid na meán sóisialta ag an gCoimisiún Eorpach, féach Taifead ar Phróiseáil DPR-EC-00073 (Úsáid na Meán Sóisialta ag an gCoimisiún Eorpach).

Chun cur isteach ar an gcomórtas ní mór an físeán a uaslódáil ar Vimeo nó YouTube. Bainfimid úsáid as an nasc a chuirfidh tú chugainn ar an bhfoirm iarratais chun an físeán a chur i láthair ar shuíomh gréasáin Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh agus ar leathanach gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh agus chun naisc a leanúint ónár suíomh gréasáin chuig YouTube, Facebook, Twitter agus Instagram.

D'fhonn do phríobháideachas a chosaint, nuair a bhainimid úsáid as uirlisí teicneolaíochta faisnéise tríú páirtí chun ceangal a dhéanamh leis na seirbhísí sin, ní shuiteáiltear fianáin nuair a osclaítear ár leathanaigh ghréasáin ar do ríomhaire (nó gaireas eile), ná ní dhéantar tú a atreorú chuig na meáin shóisialta sin nó suímh eile. Ní shuiteáiltear fianán de chuid na cuideachta meán sóisialta lena mbaineann ar do ghaireas ach amháin má chliceálann tú ar chnaipe nó ar 'seinn' ar fhíseán chun féachaint air. Mura gcliceálann tú ar aon chnaipe ná físeán de chuid na meán sóisialta, ní shuiteáilfidh tríú páirtí aon fhianán ar do ghaireas.

Chun féachaint ar ábhar tríú páirtí den sórt sin ar ár suíomhanna gréasáin, cuirfidh teachtaireacht in iúl duit go gcaithfidh tú glacadh leis na Téarmaí agus Coinníollacha sonracha a bhaineann leis na tríú páirtithe sin, lena n-áirítear a mbeartais fianán, nach bhfuil aon smacht ag an gCoimisiún orthu.

Molaimid d'úsáideoirí beartais phríobáideachais YouTube, Vimeo, Facebook, LinkedIn, Twitter agus Instagram a léamh go cúramach sula mbaintear úsáid astu. Mínítear iontu beartas gach cuideachta maidir le bailiú sonraí pearsanta agus próiseáil bhreise, an úsáid a bhaintear as sonraí, cearta úsáideoirí agus na bealaí inar féidir le húsáideoirí a bpríobháideachas a chosaint nuair a bhíonn na seirbhísí sin á n-úsáid acu.

Le húsáid uirlis teicneolaíochta faisnéise tríú páirtí, ní thugann sé sin le fios ar bhealach ar bith go bhformhuiníonn an Coimisiún Eorpach na páirtithe sin ná a mbeartais phríobháideachais. I gcás nach mbíonn ceann amháin nó níos mó de na huirlisí teicneolaíochta faisnéise tríú páirtí ar fáil, ní ghlacaimid aon fhreagracht as easpa seirbhíse mar gheall nach bhfuil siad ar fónamh ag am ar leith.

## 8. Cé na cearta atá agat agus cén chaoi a bhfeidhmítear iad?

Tá cearta sonracha agat mar 'ábhar sonraí' faoi Chaibidil III (Airteagail 14-25) de Rialachán (AE) 2018/1725, go háirithe an ceart rochtain a bheith agat ar do shonraí pearsanta agus iad a cheartú i gcás ina bhfuil do shonraí pearsanta míchruinn nó neamhiomlán. I gcás inarb infheidhme, tá an ceart agat do shonraí pearsanta a scriosadh, srian a chur lena bpróiseáil, agus agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála, agus tá an ceart chun iniomparthachta sonraí agat.

Tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta, agóid a dhéantar go dlíthiúil de bhun Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2018/1725, ar chúiseanna a bhaineann go sonrach le do chás féin.

Thug tú do thoiliú do shonraí pearsanta a chur ar fáil don Rialaitheoir Sonraí le haghaidh na hoibríochta próiseála reatha. Is féidir leat do thoiliú a tharraingt siar am ar bith ach fógra a thabhairt don Rialaitheoir Sonraí trí theagmháil a dhéanamh le hArdrúnaíocht Aonad A.1 ag SG-ECI-INFO@ec.europa.eu. Ní dhéanfaidh tarraingt siar an toilithe difear do dhlíthiúlacht na próiseála a rinneadh sular tharraing tú siar an toiliú.

Is féidir leat do chearta a fheidhmiú ach teagmháil a dhéanamh leis an Rialaitheoir Sonraí, nó, i gcás coinbhleachta, leis an Oifigeach Cosanta Sonraí. Más gá, féadfaidh tú dul i dteagmháil leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freisin. Tá a gcuid sonraí teagmhála le fáil faoi Cheannteideal 9 thíos.

I gcás inar mian leat do chearta a fheidhmiú i gcomhthéacs oibríochta próiseála ar leith amháin nó níos mó, déan cur síos orthu (i.e. a dtagairtí taifid mar atá sonraithe faoi Cheannteideal 10 thíos) i d'iarratas.

## 9. Sonraí teagmhála

- **An Rialaitheoir Sonraí**

Más mian leat do chearta a fheidhmiú faoi Rialachán (AE) 2018/1725, nó má tá tuairimí, ceisteanna nó ábhair imní agat, nó más mian leat gearán a dhéanamh faoi bhailiú agus úsáid do shonraí pearsanta, déan teagmháil leis an Rialaitheoir Sonraí (SG-ECI-INFO@ec.europa.eu).

- **Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin**

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí (DATA-PROTECTION-OFFICER@ec.europa.eu) maidir le ceisteanna a bhaineann le próiseáil do shonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2018/1725.

- **An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**

Tá an ceart agat dul ar iontaoibh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (i.e. gearán a dhéanamh leis) (edps@edps.europa.eu) má mheasann tú gur sáraíodh do chearta faoi Rialachán (AE) 2018/1725 mar thoradh ar phróiseáil do shonraí pearsanta ag an Rialaitheoir Sonraí.

## 10. Tuilleadh eolais

Foilsíonn Oifigeach Cosanta Sonraí (DPO) an Choimisiúin clár na n-oibríochtaí próiseála go léir ar shonraí pearsanta atá déanta ag an gCoimisiún Eorpach, oibríochtaí atá doiciméadaithe agus curtha in iúl do DPO. Tá an clár ar fáil ag an nasc seo: http://ec.europa.eu/dpo-register.

Tá an oibríocht próiseála shonrach sin curtha le clár poiblí an Oifigigh Cosanta Sonraí agus an Tagairt taifid seo a leanas ag gabháil léi: DPR-EC-09286.